Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh
C/2024/3864
26.6.2024
GA Sraith C

Achoimre ar Chinntí ón gCoimisiún Eorpach maidir le húdaruithe chun substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a chur ar an margadh le haghaidh a n-úsáide agus/nó iad a úsáid

(Arna foilsiú de bhun Airteagal 64(9) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 [1])

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3864)

Cinneadh lena ndeonaítear údarú

Uimhir thagartha an Chinnidh [1]	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
C(2024) 3970	19 Meitheamh 2024	trí-ocsaíd chróimiam (Uimh. CE 215-607-8; Uimh. CAS 1333-82-0)	Chrom-Mueller Metallveredelung GmbH, Neckarstraße 57, 78727 Oberndorf a.N., Baden-Württemberg, An Ghearmáin	REACH/24/22/0	Úsáid thionsclaíoch le haghaidh cóimheasa arda laistigh de bhratú cróimiam crua de chró airm tine ar a mbíonn struis theirmeacha, mheicniúla agus cheimiceacha, chun airíonna frithsheasmhachta in aghaidh cnaí, chomh maith le hairíonna i dtaca le comhéifeacht frithchuimilte íseal, cruas, frithsheasmhacht in aghaidh creimeadh agus creimeadh gáis	22 Samhain 2033	I gcomhréir le hAirteagal 60(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, na sochair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid na substainte, is mó iad ná an baol do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann leis an úsáid chéanna, agus níl aon substaint ná teicneolaíocht mhalartach ann a bheadh oiriúnach.
				REACH/24/22/1	Úsáid thionsclaíoch i mbratú cróimiam crua de dhromchlaí casta seachtracha de chodanna cúnta d'airm tine ar a mbíonn strus teirmeach, ceimiceach agus teirmeach chun airíonna optamaithe sleamhnúcháin a sholáthar chomh maith le hairíonna i dtaca le frithsheasmhacht in aghaidh teasa, creimthe agus cnaí		

[1] IO L 396, 30.12.2006 , lch. 1.

Uimhir thagartha an Chinnidh ([1])	Dáta an chinnidh	Ainm na substainte	Sealbhóir an údaraithe	Uimhir an údaraithe	Úsáid údaraithe	Dáta éaga na tréimhse athbhreithniúcháin	Na cúiseanna atá leis an gcinneadh
				REACH/24/22/2	Úsáid thionsclaíoch i mbratú cróimiam crua de dhromchlaí casta seachtracha agus inmheánacha de chodanna cúnta d'airm tine a mbíonn teicníocht dromchla roghnaitheach de dhíth ina leith agus ar a mbíonn struis theirmeacha, mheicniúla agus cheimiceacha, chun airíonna a sholáthar i dtaca le frithsheasmhacht in aghaidh cnaí agus mar bhacainn, chomh maith le hacmhainneacht iarphróiseála agus frithsheasmhacht in aghaidh creimeadh gáis faoi dhó te		

([1]) Tá an cinneadh le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ag: Údarú (europa.eu).

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3864/oj